

# Roinnt tuairimí maidir le conas an Deontas Caomhnaithe Uisce €100 a chaitheamh

Trí chúram a léiriú maidir leis an méid uisce a úsáideann tú d'fhéadfá a chinntiú go bhfuil uisce agus timpeallacht na hÉireann á cosaint - bíonn tionchar mór ag athruithe beaga!

Bí cliste maidir leis an méid uisce a úsáideann tú. B'fhéidir go bhféadfá do chostais a laghdú.

## Conas is féidir liom uisce a shábháil i mo theach?

Seo thíos **an 4 úsáid** is coitianta a bhaintear as uisce laistigh den teach cónaithe, agus roinnt nod maidir leis an méid uisce atá á úsáid agat a laghdú:

### 1. Leithris

Tá beagnach trian (30%) den uisce a úsáidtear sa teach in úsáid i leithris.

💡 Caith an €100 ar **leithreas déshruhlaithe** a shuiteáil agus d'fhéadfá an méid uisce atá in úsáid agat a laghdú beagnach 16%.

💡 D'fhéadfá **feiste toillíochta uisce** a cheannach. Trí fheiste mar sin a shuiteáil d'fhéadfaí sruthlú leithris a laghdú ó 9 lítear go 6 lítear - a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le laghdú 9% ar úsáid uisce.

### 2. Folcadáin agus sconnaí

Tá beagnach an cúigiú cuid (21%) den uisce a úsáidtear sa teach in úsáid i bhfolcadáin agus i sconnaí.

💡 D'fhéadfá an deontas a úsáid **chun aerthóirí ísealsreafa** a cheannach. Is feiste é aerthóir ísealsreafa chun an sreabhadh uisce ó sconna a laghdú gan an brú a laghdú. D'fhéadfadh na feistí ísealchostais seo, cosúil le sprae-aerthóirí, úsáid uisce i sconnaí a laghdú 10%.

💡 In 2014, ar an meán, chaith teaghlaigh in Éirinn, €200-700 ar uisce a théamh. Is smaoineamh maith é **insliú píopa réamh-scoilte cúir** a cheannach – ciallaíonn a leithéid d'insliú píopa nach gá fanacht cúpla soicind tar éis an sconna a chasadh air chun uisce te a fháil, agus go bhfanann an t-uisce te ar feadh tréimhse níos faide.

### 3. Éadaí agus soithí a ní

Tá beagnach an cúigiú cuid (21%) den uisce a úsáidtear sa teach in úsáid ar éadaí agus ar shoithí a ní.

💡 D'fhéadfá do dheontas €100 a úsáid chun cabhrú leat inneall níochnáin nó miasniteoir atá tíosach ar uisce a cheannach. D'fhéadfadh innill níochnáin éifeachtacha úsáid uisce a laghdú 3%.

### 4. Cithfholthaí

Tá beagnach 12% den uisce a úsáidtear sa teach in úsáid i gcithfholthaí.

💡 D'fhéadfaí **ceann cithfholcaidh ísealsreafa** nua a cheannach, a d'fhéadfadh an méid uisce atá in úsáid ar chithfholthaí a laghdú suas le 12%.

Ná dearmad **an gairdín!** Úsáidtear thart ar 7% d'uisce tí lasmuigh den teach.

D'fhéadfá an deontas €100 a úsáid chun...

💡 Buta uisce a cheannach, bairille mór chun uisce báistí a bhailiú agus a stóráil - d'fhéadfaí é seo a úsáid chun uisce báistí a úsáidchun uisce a chur ar phlandaí.

💡 Ceannaigh coirt, gairbhéal agus slisadhmaid chun cosc a chur ar ghalú uisce ó cheapacha bláthanna.

💡 Ceannaigh canna spréite le ceann róis seachas píobán a úsáid - tógfaidh sé níos mó ama, ach úsáidfidh tú níos lú uisce!

## Cén chaoi is féidir liom an deontas a úsáid chun sceitheadh uisce i mo theach a laghdú?

D'fhéadfadh go leor uisce a bheith á chur amú fiú amháin nuair is sceití beaga atá i gceist.

### An raibh a fhios agat?

Measann Uisce Éireann go bhfuil 6% d'uisce á chailleadh trí sceití i dtithe cónaithe. Is laistigh de na tithe atá thart ar leath de na sceití seo. Ba iad sistéil leithris lochtacha foinse fhormhór na sceití foinse choitianta de sceití inmheánacha.

**D'fhéadfadh breis is 3,000 lítear uisce a bheith ag dul le sruth in aghaidh na bliana mar thoradh ar sconna ag sileadh!**

**D'fhéadfaí.... do dheontas €100 a úsáid le cabhrú leat lochtanna pluiméireachta a chur ina gceart.**

💡 Déan teagmháil le pluiméir chun sconna atá ag sileadh, daingneáin phluiméireachta, sistéil nó píopaí a dheisiú.

💡 Mar chruthúnas duit féin, d'fhéadfaí dathúchán bia a úsáid chun sceití ón leithreas a aimsiú – níl le déanamh ach an dathúchán a chur i sistéal an leithris; má tá uisce ag sceitheadh ón leithreas, beidh an dathúchán le feiceáil agat laistigh de 30 nóiméad.

## Cá bhfuil breis eolais le fáil?

[www.water.ie](http://www.water.ie)  
(Uisce Éireann)

[www.nfgws.ie](http://www.nfgws.ie)  
(Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce)

[www.epa.ie](http://www.epa.ie)  
(An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil)

## Tá tobar príobháideach agam - cén chaoi is féidir liom an deontas a úsáid?

Ní mór tástáil rialta a dhéanamh ar uisce tobair d'fhonn a chinntiú go bhfuil an t-uisce óil ar ardchaighdeán. Tá níos mó seans ann - níos mó ná 4 huairé i gcomparáid leis an bpobal trí chéile - go mbeidh uisce tobair neamhchóireáilte ó thobar príobháideach ólta ag othair a bhfuil VTEC (foirm de E.coli) acu.



D'fhéadfá an deontas a úsáid chun cabhrú leat **caighdeán an uisce a thástáil** - uair sa bhliain más féidir - tástáil lena fháil amach an bhfuil éilliú baictéarach (E.Coli san áireamh) i gceist agus uair gach trí bliana lena fháil amach an bhfuil éilliú ceimiceach i gceist. Tá níos mó seans ann go mbeidh uisce tobair truaillithe i ndiaidh báisteach trom.



Úsáid an deontas chun tobar uisce a **chothabháil nó a sheirbhísiú**. D'fhéadfá an baol éillithe a laghdú agus a chinntiú go bhfuil do thobar agus do chaidéal ag obair i gceart. D'fhéadfá:

- o caidéal tobair a shuiteáil nó a dheisiú - d'fhéadfadh billí leictreachais níos airde a bheith mar thoradh ar chaidéal lochtach;
- o cuir séala ar thobar nach bhfuil in úsáid; agus
- o suiteáil caidhp tobair nua séalaithe chun an baol truaillithe a laghdú.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le caighdeán uisce a thástáil nó tobair phríobháideacha a chothabháil, tabhair cuairt ar:

[www.epa.ie/water/dw/hhinfo](http://www.epa.ie/water/dw/hhinfo)

## Tá dabhach shéarachais agam – conas is féidir liom an deontas a úsáid?

D'fhéadfá an deontas a úsáid chun cabhrú leat leis an gcostas a bhaineann le do dhabhach shéarachais nó córas cóireála teaghlaigh dramhuisce a chothabháil. Gan aird a dhíriú ar chúrsaí cothabhála, b'fhéidir go mbeadh ort trealamh nua a cheannach, trealamh an-chostasach. D'fhéadfadh córas nach bhfuil ag obair i gceart a bheith mar bhonn le screamhuisce agus toibreacha príobháideacha a éilliú. D'fhéadfadh go mbeadh baictéir, frídíní agus ceimiceáin dhochracha a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le trombhreiteacht agus le damáiste a dhéanamh don timpeallacht le fáil in uisce óil éillithe.

D'fhéadfadh bailiúchán eisiltigh agus fabhtú ithreach mórtimpeall ar dhabhcha séarachais a bheith baolach don tsláinte phoiblí, mar aon le baol galair a chruthú do dhaoine agus d'ainmhithe. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh drochbholadh teacht óna leithéid.



D'fhéadfá do dheontas a úsáid le cabhrú chun do dhabhach shéarachais nó do chóras cóireála teaghlaigh dramhuisce a chothabháil agus a sheirbhísiú, nó chun an dabhach a phumpáil amach (dídhríodarthú) go rialta.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le dabhcha séarachais nó córais chóireála teaghlaigh dramhuisce, féach ar: [www.epa.ie/water/wastewater/info](http://www.epa.ie/water/wastewater/info)

Déan teagmháil le d'údarás áitiúil má theastaíonn liosta conraitheoirí ceadaithe chun córais chóireála teaghlaigh dramhuisce a sheirbhísiú nó a dhídhríodarthú uait.

## Tá inní orm faoi luaidhe san uisce óil – cén chaoi is féidir liom an deontas a úsáid?

D'fhéadfadh go mbeadh luaidhe san uisce óil má tá tú i do chónaí i dteach a tógadh roimh nó i rith na 1970idí. Is iondúil go mbíonn dath liath dorcha nó dath dubh ar phíopaí luaidhe (mura bhfuil siad péinteáilte), le cumhdach gan loinnir, agus bíonn an chuma ar na hailt go bhfuil siad 'ata'. Bealach simplí chun luaidhe a aithint is ea píopa a scríobadh go réidh le bonn nó le scian – má bhíonn stiall airgid lonrach le feiceáil, is píopa luaidhe é.



**D'fhéadfá an deontas €100 a úsáid chun...**

**tástáil luaidhe a dhéanamh ar d'uisce óil, nó pluiméir a aimsiú lena fháil amach an bhfuil píopaí luaidhe i do theach.**

Aimsigh saotharlann dheimhnithe chun an tástáil a dhéanamh mar go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh torthaí na tástála iontaoifa agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag roinnt fachtóirí ar thástálacha. Déanann Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú measúnú agus deimhniú ar shaotharlanna mar aon le saotharlanna ceadaithe a liostú ar a láithreán gréasáin ([www.inab.ie](http://www.inab.ie)). Is smaoineamh maith é teagmháil a dhéanamh le roinnt saotharlann mar go bhfuil táillí éagsúla acu.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le luaidhe in uisce óil, tabhair cuairt ar:

[www.hse.ie/water](http://www.hse.ie/water) (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)  
[www.water.ie/lead](http://www.water.ie/lead) (Uisce Éireann)

Tá an bhileog seo le tacaíocht ó:



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil  
Environment, Community and Local Government

